# Fiosrúchán maidir le Babhláil Deich bPionna

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás- cruthanna 2T, cruthanna 3T<br>Tomhais – fad, imlíne<br>Uimhreas - oibríochtaí<br>*Comhtháthú – Teanga, OSIE* |
| **Scileanna Forbartha** | Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna - ábhair, coincheapa agus próisis chuí a roghnú le haghaidh tascanna agus feidhmeanna matamaiticiúla<br><br>Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna - fadhbanna a anailísiú agus bealaí oibre lena réiteach a bheartú<br><br>Cumarsáid agus cur in iúl - fadhbanna a chuirfí i láthair i bhfocail nó le léaráidí a phlé agus iad a anailísiú |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | dronuillinn, comhshleasach, comhchosach, corrshleasach, ceathairshleasach, eagair, fad, leithead, airde, achar, imlíne, meáchan, toilleadh, fad, méadar, ceintiméadar |
| **Áiseanna** | scidilí, liathróidí, ábhair lena scidilí féin a dhéanamh, buidéil fholmha, roth landair, méadarshlat, rialóirí corda, cailc, péint, meá, crúiscíní tomhais, uisce, gaineamh, rís srl., Uirlis Gheochláir Mol Mata agus spás oibre |

# Fiosrúchán maidir le Babhláil Deich bPionna

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

Tosaigh trí leagan amach na bpionnaí i gcluiche de bhabhláil deich bpionna a phlé. Cuir ceist ar dhaltaí an féidir cúirt bhabhlála a chruthú ar scoil. Cad iad na tosca a théann i bhfeidhm ar chruthú na cúirte babhlála? Mar shampla, an bhfuil an fearas róthrom nó ró-éadrom? An bhfuil an dromchla oiriúnach? An bhfuil go leor spáis againn?

### 1 Gníomhaíocht 1

Déanfaidh daltaí a gcúirt bhabhlála deich bpionna a phleanáil agus a chruthú. Iarr orthu triail a bhaint as faid dhifriúla, ó línte caithimh go pionnaí. Fiosraigh leagan amach na bpionnaí éagsúla ag úsáid cruthanna difriúla (m.sh., ceathairshleasáin, nó i leagan amach líneach) agus pléigh conas a dhéanann siad difríocht d'éascaíocht nó do dheacracht an chluiche. Is féidir leis na daltaí an Uirlis Gheochláir Mol Mata a úsáid chun na leaganacha éagsúla a phleanáil. Is féidir amhlaidh a dhéanamh maidir leis na faid ón líne chaithimh chuig na pionnaí agus treo an bhuille roimh chaitheamh.

### 2 Gníomhaíocht 2

Smaoineoidh daltaí ar a gcóras scórála féin le haghaidh cluiche babhlála deich bpionna ag cruthú a scórchártaí féin. Mar shampla, d'fhéadfaidís scóir dhifriúla a thabhairt le haghaidh fuíollthreascairt nó stríoc, nó scóir a thabhairt do phionnaí indibhidiúla.

### 3 Gníomhaíocht 3

I gcúirt bhabhlála deich bpionna leagtar na pionnaí amach i gcruth triantánach. Bíonn bearna 30 cm idir gach pionna. Fad idir na pionnaí agus an líne fill ná 18 m. Tá an limistéar rochtana 5 m ar fad. Tá an lána 1 m ar leithead. Mar ghníomhaíocht don rang ar fad, athchruthaigh cúirt bhabhlála den fhad agus den leagan amach seo sa chlós scoile. Iarr ar na daltaí é seo a chur i gcomparáid leis na cinn atá cruthaithe acu. Pléigh cé acu a d'oibreodh nó nach n-oibreodh an cluiche sa scoil leis an bhfearas agus na dromchlaí atá ar fáil sa scoil.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cé mhéad pionna atá i gcluiche babhlála?<br>• Conas a leagtar na pionnaí amach?<br>• Cén fhad do chúirt bhabhlála?<br>• Cad an fad idir na pionnaí?<br>• Cén scór a gheofá dá leagfá ceithre phionna ar an gcéad iarracht agus sé phionna ar an dara iarracht?<br>• Ríomh achar/imlíne do chúirte.<br>• Cruthaigh cúirt atá x m ar fad agus y m ar leithead. | • Cad a tharlódh dá gcuirfeá sraith pionnaí le do chluiche?<br>• Conas a théann cruth, meáchan agus leagan amach na bpionnaí i bhfeidhm ar do chluiche?<br>• Conas a théann an dromchla i bhfeidhm ar do chluiche?<br>• Conas a théann na liathróidí difriúla/ teilgeáin eile i bhfeidhm ar do chluiche?<br>• Conas a théann fad agus leithead na cúirte i bhfeidhm ar do chluiche? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

Méadaigh nó laghdaigh líon na n-athróga i ndearadh na cúirte de réir ábaltacht an dalta.